AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.6.2021
COM(2021) 327 final

2021/0161 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht do Bhallstáit a fheabhsú agus na nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú nuair a bhíonn na hacmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, á gcur ar fáil

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é aidhm an togra seo na forálacha is gá a leagan síos, i gcomhréir le hAirteagal 322(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, chun na modhanna agus na nósanna imeachta a chinneadh chun acmhainní dílse a chur ar fáil.

Freagraíonn an togra seo do chonclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí Iúil 2020[1], inar iarradh ar an gCoimisiún 'measúnú a dhéanamh ar thogra a thíolacadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le cur ar fáil d'fhonn dul i ngleic le roinnt de na dúshláin maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil'.

Tá sé mar aidhm ag an togra seo Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle a leasú[2], lena mbunaítear, in éineacht leis an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse[3], na nósanna imeachta agus na sprioc- amanna chun acmhainní dílse traidisiúnta, acmhainní dílse bunaithe ar Cháin Bhreisluacha agus acmhainní dílse bunaithe ar an Ollioncam Náisiúnta a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

Cé gur sholáthair Rialachán (AE, Euratom), Uimh. 609/2014 ón gComhairle cúltaca daingean agus cobhsaí le haghaidh sásraí maoiniúcháin an Aontais, tá cuma inmhianaithe ar fheabhsuithe a chur ar na forálacha atá ann cheana maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil go háirithe d'fhonn an intuarthacht a fheabhsú do Bhallstáit agus nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a achtú.

Leagtar síos córas atá calabraithe go cúramach sa togra seo chun a áirithiú go ndéanfar íocaíochtaí tráthrialta agus caoithiúla le buiséad an Aontais, rud atá riachtanach le haghaidh fheidhmiú réidh chóras acmhainní dílse an Aontais, le haghaidh bainistíocht laethúil bhuiséad an Aontais agus, dá réir sin, le haghaidh fheidhmiú an Aontais trí chéile.

Ceann de na rudaí nua is ea nós imeachta athbhreithniúcháin le haghaidh réiteach díospóidí, rud atá iarrtha ag go leor Ballstát. Códaíonn agus neartaíonn an nós imeachta na rialacha nós imeachta is infheidhme maidir leis na malairtí idir an Coimisiún agus na Ballstáit maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil. Léiríonn an togra freisin an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an íocaíocht faoi fhorchoimeádas, rud lena gcruthaítear an fhéidearthacht caingean a thionscnamh maidir le saibhriú éagórach in aghaidh an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 268 CFAE agus Airteagal 340(2) CFAE.

Leasaítear na rialacha maidir le hús ar íocaíochtaí déanacha ar leibhéil difriúla leis an togra. Chuir Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2016/804 ón gComhairle caidhp cheana féin ar an méadú ar ús os cionn an bhonnráta go dtí 16 phointe céatadáin. Leis an togra atá i bhfeidhm

---

1 Pointe 142: 'I ndáil leis an Rialachán ón gComhairle maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh, iarrtar ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar thogra a thíolacadh le hathbhreithniú a dhéanamh air chun dul i ngleic leis na dúshláin i ndáil le hacmhainní dílse a chur ar fáil'.

2 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh, *IO L 168, 7.6.2014, lch. 39.*

3 Cinneadh ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (2014/335/AE, Euratom), *IO L 168, 7.6.2014, lch. 105.*

faoi láthair cuirtear síneadh ar an gcaidhpeáil ar an méadú ar úis i dtaca le gach cás. Téann sé sin i ngleic go díreach le barúlacha a fuarthas ó Bhallstáit maidir leis na rátaí úis an- ard dá bhforáiltear le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle maidir le cásanna a bhí ar eolas cheana roimh an 1 Deireadh Fómhair 2016. Ardaítear an tairseach freisin leis an togra chun ús a tharscaoileadh ó EUR 500 go dtí EUR 1 000. Ina theannta sin, tugtar isteach teorainn ama 10 mbliana chun méideanna acmhainní dílse traidisiúnta a choimeád sna cuntais B.

D'fhonn intuarthacht na ranníocaíochtaí náisiúnta le buiséad an Aontais Eorpaigh a mhéadú, leasaítear sa togra an coigeartú ar iarmhéideanna bliantúla agus cuirtear ar athló an cur ar fáil a dhéanann Ballstáit ar na coigeartuithe go dtí bliain N+2. Rinne líon mór Ballstát an iarraidh sin chun na nósanna imeachta buiséadacha náisiúnta a éascú.

Ina theannta sin, áirítear Airteagal nua sa togra lena gcódaítear an nós imeachta maidir le réamhíocaíochtaí, agus arís, iarraidh ó Bhallstáit a bhí i gceist leis sin. Ionsádh an fhéidearthacht freisin leis an togra don Choimisiún cuntas láraithe le haghaidh acmhainní dílse a bhunú.

Is cuid de phacáiste níos leithne é an togra ina gcuimsítear Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach bhfuil athchúrsáilte, maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil agus maidir le gnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar an ollioncam náisiúnta[4] agus tograí le haghaidh acmhainní dílse nua a mheastar a ghlacfar go luath, i gcomhréir leis an gcomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020[5].

Ar deireadh, tá sé beartaithe an Ghearmáin a áireamh mar thairbhí de na ceartúcháin chnapshuime agus scriostar an tagairt do cheartúchán na Ríochta Aontaithe.

Déantar togra an Choimisiúin a mhíniú níos mionsonraithe i roinn a cúig thíos. Áirítear leis an meabhrán míniúcháin seo freisin i roinn a sé measúnú an Choimisiúin ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 arna iarraidh i gconclúidí na Comhairle Eorpaí ó mhí Iúil 2020.

Ba cheart na forálacha maidir le cur ar fáil i gcás na n-acmhainní dílse uile a chónascadh tráth a dhéanfar athbhreithniú orthu sa todhchaí lena n-áirítear Rialacháin nua atá beartaithe a bhaineann le hacmhainní dílse nua a chur ar fáil.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Is é Airteagal 322(2) CFAE an bunús dlí le haghaidh an Rialacháin seo. Comhlánaíonn an togra reachtaíocht eile maidir le hacmhainní dílse amhail Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053[6] ón gComhairle, Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle[7], Rialachán

[4] Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh- athchúrsáilte bunaithe ar acmhainní dílse a ríomh, maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh, agus maidir le gnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar an ollioncam náisiúnta, IO L 165, 11.5.2021, lch. 15.

[5] Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, maidir le comhar in ábhair bhuiséadacha agus maidir le bainistíocht fhónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

[6] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

(AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle[8] agus Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Bíonn bainistíocht na n-acmhainní dílse ag brath ar chur i bhfeidhm ceart bheartais eile de chuid an Aontais:

– Tá acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, dleachtanna cosanta trádála agus tobhaigh siúcra go príomha) nasctha leis an aontas custaim, leis an gcomhbheartas tráchtála, agus leis an gcomhbheartas talmhaíochta;

– Tá acmhainní dílse bunaithe ar Cháin Bhreisluacha nasctha leis an Margadh Aonair agus le beartas cánachais.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 322(2) CFAE an bunús dlí le haghaidh an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Níl sé infheidhme.

- **Comhréireacht**

Is é raon feidhme an togra intuarthacht a fheabhsú do Bhallstáit chun acmhainní dílse a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais agus chun nósanna imeachta a achtú le haghaidh réiteach díospóidí. Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta toisc nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach agus comhréireach chun an cuspóir sin a bhaint amach go sásúil.

- **An rogha ionstraime**

Ní shonraítear cén ionstraim a úsáidfear in Airteagal 322(2) CFAE[9]. Le hAirteagal 8(2) de Chinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle agus Airteagal 9(3) de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle áfach, ceanglaítear ar Bhallstáit an acmhainn a chur ar fáil don Choimisiún ‘i gcomhréir leis na rialacháin’ arna nglacadh faoi Airteagal 322(2) CFAE.

Ina theannta sin, leasaítear Rialachán (AE, Euratom), Uimh. 609/2014 ón gComhairle maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil, leis an togra. Sa chomhthéacs seo, is iomchuí Rialachán a úsáid mar rogha ionstraime.

---

7 Rialachán (AE, Euratom) 2021/768 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, IO L 165, 11.5.2021 lch. 1.

8 Rialachán (AE, Euratom) 2021/769 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 lena leasaítear Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1553/89 maidir leis na comhshocraíochtaí aonfhoirmeacha chun acmhainní dílse arna dtabhú ó cháin bhreisluacha a bhailiú, IO L 165, 11.5.2021, lch. 9.

9 ‘*Déanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis an gCúirt Iniúchóirí, na modhanna agus an nós imeachta a chinneadh ar dá réir a bheidh an t-ioncam buiséid dá bhforáiltear faoi na socruithe i dtaobh acmhainní dílse an Aontais le cur ar fáil don Choimisiún, agus na bearta a chinneadh a bheidh le cur i bhfeidhm, más gá, chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh.*’

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Agus é ag ullmhú don togra seo, chuir an Coimisiún ceistneoir mionsonraithe faoi bhráid na mBallstát, Pharlaimint na hEorpa agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa chun measúnú a dhéanamh ar thábhacht agus ar fheidhmiú praiticiúil Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle. Deimhníodh leis na freagraí ar an gceistneoir gur fheidhmigh an Rialachán sin go maith tríd is tríd. Chuir na Ballstáit roinnt iarrataí i gcomhair feabhais chun tosaigh freisin áfach.

Bhí bonn eolais ag an togra freisin ó phlé cuimsitheach ar an gcóras faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle a bhí ar siúl i Meitheal um Acmhainní Dílse na Comhairle agus trí bhíthin sraith cruinnithe déthaobhacha idir an Coimisiún agus na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Is é is aidhm don togra feidhmiú Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle a neartú agus, go háirithe, feabhsaítear na nósanna imeachta chun go ndéanfaidh Ballstáit acmhainní dílse a chur ar fáil. Dá bhrí sin, rannchuidíonn an togra leis an gcóras acmhainní dílse atá i bhfeidhm faoi láthair a fheabhsú.

Leis an togra ní athrófaí na hacmhainní daonna agus riaracháin is gá, i gcomparáid le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle. Mar sin féin, fágfaidh an síneadh a chuirfear ar an gcaidhpeáil ar an méadú ar ús i ngach cás go dtiocfaidh laghdú ar an ioncam ó ús a bhaileofar do bhuiséad an Aontais Eorpaigh. Meastar go mbeidh tionchar airgeadais an togra, bunaithe ar mhéideanna tagartha blianta roimhe seo (ó tháinig Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2016/804 ón gComhairle i bhfeidhm) ag EUR 27.5 milliún/bliain.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Pléitear cur i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le hacmhainní dílse, lena n- áirítear na modhanna agus na nósanna imeachta chun acmhainní dílse a chur ar fáil, ar bhonn tráthrialta sa Choiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar thogra an Choimisiúin mar a leanas:

Caibidil I agus II maidir le ‘Foráil ghinearálta’ agus ‘Cuntais maidir le hacmhainní dílse’

Ní dhéantar aon leasú sna caibidlí seo.

Caibidil III maidir le ‘Acmhainní dílse a chur ar fáil’

Faoi Airteagal 9(1) ionsáitear an fhéidearthacht don Choimisiún cuntas láraithe maidir le hacmhainní dílse a bhunú. Faoi láthair, is iad na Ballstáit amháin a choimeádann na cuntais acmhainní dílse seo. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann bainistíocht na gcuntas a osclaítear ina ainm a nuachóiriú sa todhchaí. Tabharfaidh an laghdú ar an líon cuntas bainc a

úsáidtear chun acmhainní dílse a bhailiú éifeachtúlacht maidir le bainistíocht airgid agus beifear in ann cur chuige comhthiomsaithe a ghlacadh maidir leis.

Faoi 10a(2) maidir leis na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN a chur ar fáil, cuirtear mír shonrach leis chun réamhíocaíochtaí a cheadú ar bhonn cás ar chás. Áirithítear leis an bhforáil gurb é an Ballstát a dhéanfaidh an réamhíocaíocht a íocfaidh aon chostas a bhaineann leis.

Le hAirteagal 10b(5) cuirtear ar athló an dáta ar a gcuirtear na coigeartuithe ar na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN blianta airgeadais roimhe sin ar fáil go dtí an chéad lá oibre de Mhárta na bliana tar éis don Choimisiún na Ballstáit a chur ar an eolas maidir leis na méideanna sin.

Sainmhínítear in Airteagal 10b(7) an tréimhse ina bhféadfaidh na Ballstáit iarraidh ar an gCoimisiún cur ar fáil na hacmhainne dílse bunaithe ar CBL a chur ar fáil, agus sainmhínítear in Airteagal 13(5) an tréimhse sin le haghaidh acmhainní dílse traidisiúnta.

D'fhonn cosc a chur ar charnadh méideanna úis an- ard, tugadh caidhpeáil isteach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2016/804 ar an méadú ar an ráta úis chuig 16 phointe céatadáin de bharr íocaíocht dhéanach acmhainní dílse. Bhí feidhm leis an gcaidhpeáil sin i gcás ús ar riaráistí acmhainní dílse a bhí dlite tar éis an dáta ar ar tháinig an Rialachán sin i bhfeidhm – 1 Deireadh Fómhair 2016, nó a bhí dlite roimh an dáta sin, i gcás nach bhfuair an Coimisiún nó an Ballstát áirithe eolas faoi na hacmhainní dílse sin go dtí tar éis an dáta sin. Tá an riail sin in Airteagal 12(5), an tríú fomhír de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle. Cuirtear síneadh sa togra ar an gcaidhpeáil ar an méadú ar ús chuig cásanna nach bhfuil feidhm ag an gcaidhpeáil reatha maidir leo. Ní bheidh feidhm ag an gcaidhpeáil áfach maidir le haon mhéid úis dar tugadh fógra do Bhallstát maidir leis sula dtiocfaidh an togra seo i bhfeidhm.

Faoi Airteagal 12(3), tá sé beartaithe freisin an tairseach chun ús a tharscaoileadh ó EUR 500 go dtí EUR 1 000 a mhéadú.

Faoi Airteagal 13(2) an cúigiú fomhír, i gcás méideanna neamh- inghnóthaithe, tugtar isteach teorainn ama ginearálta le haghaidh méideanna a thógáil amach as an gcuntas ar leithligh chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú tráthrialta ar na cásanna sna cuntais ar leithligh.

Ar deireadh, tá Airteagail 6 agus 10a ailínithe leis an gCinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse chun an Ghearmáin a áireamh mar thairbhí de cheartúcháin chnapshuime agus scriosadh an tagairt do cheartúchán na Ríochta Aontaithe ón dá airteagal.

Caibidil III bis maidir le 'Íocaíocht faoi fhorchoimeádas agus nós imeachta athbhreithniúcháin'

Cuirtear Caibidil III bis nua isteach. Foráiltear leis faoi airteagal nua 13a maidir leis an bhféidearthacht do Bhallstáit méideanna a chur ar fáil faoi fhorchoimeádas. Códaítear an cleachtas reatha leis an rogha seo.

Tugtar nós imeachta athbhreithnithe isteach le hAirteagal nua 13b i gcás easaontú soiléir idir Ballstát agus an Coimisiún. Tá foráil sa nós imeachta nua sin maidir le sprioc- amanna agus oibleagáidí soiléire do na Ballstáit agus don Choimisiún araon. Áirithítear leis go mbeidh idirphlé stuama maidir leis na méideanna is ábhar díospóide lena mbaineann agus tá sé mar aidhm éascaíocht a dhéanamh ar chomhaontú a bhaint amach idir an dá thaobh.

6. IARSCRÍBHINN

• Measúnú an Choimisiúin ar Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle

I gcomhréir le sainordú na Comhairle Eorpaí, rinne an Coimisiún measúnú ar Rialachán (AE, Euratom), Uimh. 609/2014 ón gComhairle maidir le substaint, ag meabhrú an ghá atá le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-íocaíochtaí acmhainní dílse a ráthú. Tá sé sin tábhachtach go háirithe i bhfianaise na n-acmhainní nua dílse atá le teacht.

D'ainneoin cuntas teiste atá dearfach a bheag nó a mhór maidir le feidhmiú an Rialacháin sin, d'iarr na Ballstáit go ndéanfaí athruithe i roinnt réimsí. Le linn na bpléití i nGrúpa Oibre na Comhairle maidir le hAcmhainní Dílse le dhá bhliain anuas, tarraingíodh aird ar leith ar na nithe a leanas:

- Rialacha úis is infheidhme maidir le híocaíochtaí déanacha
- Íocaíochtaí coinníollacha agus cearta cosanta na mBallstát
- Réamhíocaíochtaí acmhainní dílse
- Maoluithe maidir le cur ar fáil faoi Airteagal 13(2)(b), an dara fomhír
- Measúnú ar chásanna díscríofa
- Coigeartuithe ar na hacmhainní dílse bunaithe ar OIN agus bunaithe ar CBL
- Cónascadh forálacha maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil

Ina athbhreithniú, rinne an Coimisiún measúnú mionsonraithe ar na saincheisteanna go léir a d'ardaigh na Ballstáit maidir le feidhmiú na n- acmhainní dílse a chur ar fáil agus tháinig sé ar na conclúidí a mhínítear thíos. Bhí na conclúidí sin mar chuid den togra leasaithe a ghlac an Coimisiún.

Rialacha úis is infheidhme maidir le híocaíochtaí déanacha

Bíonn buiséad an Aontais Eorpaigh ag brath ar íocaíochtaí a bheith déanta in am. Is dreasacht chumhachtach iad na húis ar íocaíocht dhéanach chun na críche sin. Tá sé deimhnithe ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh roinnt mhaith uaireanta, an uair is déanaí i rialú C-575/18 P dá cuid, go bhfuil an oibleagáid maidir le hús ar riaráistí a íoc doscartha ón oibleagáid maidir leis na hacmhainní dílse a chur ar fáil don Choimisiún.

Tugtar laghdú suntasach faoi deara ar na méideanna úis dlite ó tháinig an chaidhpeáil ar an méadú ar an ráta úis i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2016. Roimh an dáta sin, fabhraíodh an ráta úis gan aon uasteorainn a fhad is nach raibh an phríomhshuim íoctha. Nuair a tugadh an chaidhpeáil isteach, bhí an t-ús teoranta go 16 phointe céatadáin le haghaidh thréimhse iomlán na moille. Taispeántar sampla de 22 chás lenar bhain caidhpeáil inar tháinig laghdú foriomlán de MEUR 9 ar an ús dlite i gcomparáid leis an modh a bhí infheidhme roimh an gcaidhpeáil. Sna cásanna sin, scaoileadh na Ballstáit ó mhéid úis ar riaráistí a íoc a bhí coibhéiseach le 83 % den mhéid úis a iarradh iarbhír.

Mar sin féin, níl an chaidhpeáil ar an méadú ar ús infheidhme ach amháin maidir le cásanna tar éis an 1 Deireadh Fómhair 2016. Níl feidhm leis an gcaidhpeáil, i gcásanna a bhí ar eolas cheana féin roimh an 1 Deireadh Fómhair 2016. Tharla sé dá bharr sin go raibh an méid úis a bhí dlite sách ard i roinnt cásanna. Baineann an síneadh ar an gcaidhpeáil maidir le gach cás le riosca de bhaol morálta ach tá cuma áisiúil air d'ainneoin sin chun an córas casta atá i bhfeidhm faoi láthair a dhéanamh níos simplí.

Íocaíochtaí coinníollacha agus cearta cosanta na mBallstát

I dtaca le cearta cosanta agus cosaint dlí na mBallstát, deimhnítear leis an mbreithiúnas Cúirte le déanaí i gcás C-575/18 P go dtugann an reachtaíocht reatha maidir le hacmhainní dílse cearta éifeachtacha cosanta do na Ballstáit. Ar mhaithe le soiléireacht agus le trédhearcacht áfach, is áisiúil an rud é teorainneacha ama níos soiléire a leagan síos maidir leis an idirphlé agus na malairtí idir an Coimisiún agus na Ballstáit i gcás easaontaithe.

Réamhíocaíochtaí acmhainní dílse

Níl foráil i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle le haghaidh réamhíocaíocht acmhainní dílse a dhéanamh. Bhí cásanna ann áfach, go háirithe cinn a bhain le buiséid leasaitheacha a glacadh go déanach (e.g. AB8/2013, AB6/2016 agus AB6/2018) i gcás inar íoc na Ballstáit, tar éis comhaontú an Choimisiúin a iarraidh agus a fháil, a gcuid ranníocaíochtaí náisiúnta roimh an dáta dlite. Sna cásanna sin, níor chuir an Coimisiún i gcoinne na n-íocaíochtaí má tugadh urraim do choinníollacha sonracha. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, molann an Coimisiún go sainráite go ndéanfaí foráil maidir leis an bhféidearthacht sin.

Maoluithe maidir le cur ar fáil faoi Airteagal 13(2), an dara fomhír

Tá foráil in Airteagal 13 de Rialachán Uimh. 609/2014 maidir le nós imeachta, ar a dtugtar ‘nós imeachta díscríofa, chun faireachán a dhéanamh ar fhreagracht airgeadais fhéideartha na mBallstát maidir le méideanna d’acmhainní dílse traidisiúnta os cionn EUR 100 000 nach bhfuil inghnóthaithe. Leis an Rialachán leasaitheach deiridh (AE, Euratom) Uimh. 2016/804, tugadh isteach in Airteagal 13(2) an fhéidearthacht Ballstáit a scaoileadh ón oibleagáid maidir le méideanna a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais lena gcruthaítear iad a bheith neamh- inghnóthaithe i ngeall ar iontráil iarchurtha sna cuntais nó fógra maidir le fiachais chustaim, ionas nach ndéanfaí dochar d’imscrúduithe coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. Ó tugadh isteach na hathruithe in 2016, níor thíolaic aon Bhallstát cás díscríofa don Choimisiún bunaithe ar Airteagal 13(2), an dara fomhír. Déanann an Coimisiún faireachán cúramach i gcónaí ar na forbairtí chuige sin, ach ní léir go bhfuil aon ghá le hathruithe ná go dteastaíonn athruithe i láthair na huaire.

Measúnú ar chásanna díscríofa

Déanann an nós imeachta ‘díscríofa’ faoi Airteagal 13 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 faireachán ar fhreagracht fhéideartha airgeadais na mBallstát maidir le méideanna acmhainní dílse traidisiúnta os cionn EUR 100 000 atá neamh- inghnóthaithe. Faoin nós imeachta sin, eisíonn an Coimisiún a thuairim ar cibé ar éirigh na hacmhainní dílse traidisiúnta chun bheith neamh- inghnóthaithe ar chúiseanna nach bhfuil inchurtha i leith na mBallstát. Is é is aidhm do scrúdú an Choimisiúin ar na tuarascálacha díscríofa measúnú a dhéanamh ar an méid díchill a thaispeáin na Ballstáit maidir lena gcuid iarrachtaí oibreoirí eacnamaíocha na n-acmhainní dílse traidisiúnta a bhunú agus aisghabháil uathu (dleachtanna custaim). Rinne an Coimisiún a dhícheall i gcónaí a bharúlacha a thabhairt ar na tuarascálacha díscríofa mar a thugtar orthu, go tráthúil. Éilíonn Airteagal 13(4) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ar an gCoimisiún a bharúlacha a eisiúint laistigh de shé mhí a luaithe is a bhíonn an fhaisnéis is gá ar fáil. Is é sin an t-aon sprioc- am dlíthiúil atá i bhfeidhm faoi láthair don Choimisiún, agus thug sé urraim don sprioc- am sin i gcónaí.

Aithníonn an Coimisiún áfach go n-éilítear go minic leis an measúnú ar chásanna díscríofa aonair go ndéanfaí malairtí arís is arís le Ballstáit rud a bhféadfaí dlús a chur leis trí bhíthin comhiarrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin. Níos tábhachtaí ná sin, ní raibh iarrataí na mBallstát ar athbhreithniú ar chásanna is ábhar díospóide tar éis an chéad mheasúnú a rinne an Coimisiún faoi réir sprioc- amanna dlíthiúla go dtí seo, agus tarraingíodh moill shuntasach

leis uaireanta. Dá bharr sin, molann an Coimisiún sprioc- amanna ceangailteacha breise le haghaidh cumarsáide leis na Ballstáit.

Coigeartuithe ar na hacmhainní dílse bunaithe ar OIN agus bunaithe ar CBL

Éilítear i láthair na huaire ar Bhallstáit na coigeartuithe ar na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN na mblianta airgeadais roimhe sin a chur ar fáil (‘iarmhéideanna’) ar an gcéad lá oibre de Mheitheamh na bliana n+1. Déantar athdháileadh láithreach ar mhéid foriomlán na gcoigeartuithe i measc Ballstát de réir a scaireanna faoi seach sna hacmhainní dílse bunaithe ar OIN ionas nach mbeidh ar Bhallstáit méideanna níos mó a íoc roimh ré agus gan ach sciar den athdháileadh ar mhéid foriomlán an choigeartaithe a fháil míonna ina dhiaidh sin. Tá na coigeartuithe bliantúla neodrach go hiomlán ar bhuiséad an Aontais ach d’fhéadfadh impleachtaí airgeadais suntasacha a bheith acu do na Ballstáit. D’iarr roinnt Ballstát athruithe ar an nós imeachta chun feabhas a chur ar an intuarthacht agus a gcuid nósanna imeachta buiséid náisiúnta a éascú. Is iomchuí é togra leasaithe chomhfhreagraigh a mholadh, ag athrú cur ar fáil na gcoigeartuithe a dhéanann na Ballstáit go dtí an bhliain ina dhiaidh sin, cé go n-aithnítear go gcuirfidh sé sin moill chomhfhreagrach freisin ar scor airgid coigeartuithe diúltacha ó Bhallstáit. Níor ardaigh na Ballstáit aon agóid maidir leis an moill sin.

Cónascadh forálacha maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil

Áirítear leis an gCinneadh nua maidir le hAcmhainní Dílse atá á fhormheas i mBallstáit acmhainn dhílis nua cheana féin, an ceann bunaithe ar phlaisteach, agus moladh an Rialachán comhfhreagrach maidir le cur ar fáil [MAR2, uimh. 2018/0131] agus tá sé á bhreithniú ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa.

I gcomhréir leis an gcomhaontú idirinstitiúideach ón 16 Nollaig 2020, tá sé i gceist ag an gCoimisiún tograí a dhéanamh maidir le tobhach digiteach, sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha agus Córas Trádála Astaíochtaí athbhreithnithe de chuid an Aontais chomh maith le togra a bheidh ag gabháil leis chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach ar an mbunús sin faoi mhí an Mheithimh 2021 d’fhonn iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023.

Ba cheart na forálacha maidir le cur ar fáil i gcás na n-acmhainní dílse uile a chónascadh tráth a dhéanfar athbhreithniú orthu sa todhchaí lena n-áirítear Rialacháin nua atá beartaithe a bhaineann le hacmhainní dílse nua a chur ar fáil.

2021/0161 (NLE)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht do Bhallstáit a fheabhsú agus na nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú nuair a bhíonn na hacmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, á gcur ar fáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 322(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[10],

Ag féachaint don tuairim ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Cé gur sholáthair Rialachán (AE, Euratom), Uimh. 609/2014 ón gComhairle[11] cúltaca daingean agus cobhsaí le haghaidh sásraí maoiniúcháin an Aontais, ní mór feabhas a chur ar na forálacha maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil chun intuarthacht a fheabhsú do Bhallstáit agus chun nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú.

2. Faoi láthair, ní dhéanann ach amháin Ballstáit bainistíocht ar chuntais acmhainní dílse a osclaítear in ainm an Choimisiúin. Bheadh laghdú ar líon na gcuntas bainc a úsáidtear chun acmhainní dílse a bhailiú níos éifeachtúla agus d'fhágfadh sé go bhféadfaí cur chuige coitianta a ghlacadh maidir le bainistíocht airgid. D'fhonn bainistíocht na gcuntas acmhainní dílse a nuachóiriú, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann cuntas láraithe acmhainní dílse a bhunú.

3. Ní cheadaíonn Rialachán (AE, Euratom) 609/2014 do na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh. Mar sin féin, d'íoc roinnt Ballstát a gcuid ranníocaíochtaí náisiúnta roimh ré tar éis comhaontaithe leis an gCoimisiún. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart deis a bheith ag na Ballstáit réamhíocaíochtaí a dhéanamh ar bhonn cás ar chás, ach an Coimisiún a chur ar an eolas roimh ré. I gcás ina n-úsáideann Ballstát an fhéidearthacht sin, ba cheart do na Ballstáit eile ar chúiseanna cothroime gan aon chostas a bhaineann leis an réamhíocaíocht sin, amhail ús diúltach, a iompar.

4. Ba cheart an dáta ar a n-íocann na Ballstáit na coigeartuithe ar na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN le haghaidh blianta airgeadais roimhe sin a

[10] IO C , , lch. .

[11] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN, a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39).

bhogadh go mí an Mhárta na bliana dar gcionn chun intuarthacht a fheabhsú do na nósanna imeachta buiséadacha náisiúnta.

5. D'fhonn buiséad cobhsaí a sholáthar atá riachtanach chun cuspóirí beartais an Aontais a mhaoiniú, ba cheart go n-áiritheofaí leis an nós imeachta chun ús a ríomh go háirithe go gcuirtear acmhainní dílse ar fáil go tráthúil agus go hiomlán.

6. Ní mór an tairseach reatha, a ndéantar méideanna úis faoina bun a tharscaoileadh, ní mór an tairseach sin a oiriúnú. Is gá dá bhrí sin an méid dá ndéantar aisghabháil ús a tharscaoileadh a mhéadú chun feabhas a chur ar chost-éifeachtúlacht na nósanna imeachta aisghabhála.

7. D'fhonn comhréireacht an chórais a áirithiú agus an éifeacht dhíspreagtha á coinneáil ar bun, cuireann Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 teorainn leis an méadú ar ús os cionn an bhonnráta chuig 16 phointe céatadáin. Níl an chaidhpeáil sin ar 16 phointe céatadáin infheidhme ach amháin maidir leis na cásanna uile a bhí ar eolas tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2016/804[12]. Dá dheasca sin, cásanna a bhí ar eolas cheana roimh theacht i bhfeidhm Rialachán Uimh. 2016/804, i gcás ina bhfuil méid ard úis i ngeall go háirithe, ní féidir leo tairbhiú den teorainn sin beag beann ar cibé acu a cuireadh nó nár cuireadh na Ballstáit ar an eolas cheana féin maidir leis an méid úis. Sna cásanna sin, éilítear fós ar Bhallstáit méideanna úis a íoc nach bhfuil i gcomhréir i gcomparáid le méid na príomhshuime atá dlite. D'fhonn na forálacha ábhartha de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 a shoiléiriú agus a shimpliú, ba cheart an teorainn ar an méadú go 16 phointe céatadáin a chur i bhfeidhm ar aon mhéid úis nár fógraíodh don Bhallstát roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

8. Ar mhaithe le bainistíocht fhónta an chuntais ar leithligh, dá dtagraítear in Airteagal 6(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014, ní mór méideanna neamhurraithe a mheasúnú agus a thabhairt chun rialtachta laistigh de thréimhse ama réasúnta. Dá bhrí sin, ba cheart na forálacha i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 maidir le méideanna neamh-inghnóthaithe a leasú chun teorainn ama ginearálta a thabhairt isteach maidir le méideanna a bheidh le tógáil amach as an gcuntas ar leithligh sin chun a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú tráthrialta ar na cásanna sa chuntas ar leithligh sin.

9. Níl ach sprioc-am amháin i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 in Airteagal 13(4), lena n-éilítear ar an gCoimisiún a bharúlacha a chur in iúl don Bhallstát lena mbaineann laistigh de shé mhí ó fhaigheann an Ballstát sin an tuarascáil. D'fhonn bearta leantacha a dhéanamh ar thuarascálacha díscríofa go tráthúil agus tacaíocht a thabhairt do mheasúnú tapa iomlán trédhearcach de chinneadh an Bhallstáit gan an méid neamh-inghnóthaithe d'acmhainní dílse traidisiúnta a chur ar fáil, ba cheart breis sprioc-amanna nós imeachta don Choimisiún agus do na Ballstáit a thabhairt isteach.

10. I gcás ina mbíonn easaontú idir Ballstáit agus an Coimisiún maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta a chur ar fáil, ba cheart nós imeachta athbhreithnithe a chur ar bhonn foirmiúil agus a thabhairt isteach i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn feabhas a chur ar trédhearcacht agus cearta cosanta na mBallstát a shoiléiriú.

[12] Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2016 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun na hacmhainní dílse traidisiúnta, na hacmhainní bunaithe ar CBL agus OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh, (IO L 132, 21.5.2016, lch. 85).

Ba cheart forálacha a thabhairt isteach freisin chun léiriú a thabhairt ar an gcleachtas reatha a bhaineann le híocaíocht faoi fhorchoimeádas, lena dtagann an fhéidearthacht chun cinn caingean a thionscnamh maidir le saibhriú éagórach in aghaidh an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 268 CFAE agus Airteagal 340(2) CFAE.

11. Ba cheart Airteagail 6 agus 10a de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 609/2014 a oiriúnú chun an tagairt don cheartúchán arna dheonú don Ríocht Aontaithe a scriosadh agus chun an Ghearmáin a áireamh mar thairbhí na gceartúchán cnapshuime i gcomhréir le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle[13].

12. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 leasú dá réir.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 6(3), an tríú fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Déanfar an acmhainn dhílis bunaithe ar CBL agus an acmhainn dhílis bunaithe ar OIN, agus an éifeacht a bheidh ag an oll- laghdú a deonaíodh don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn ar na hacmhainní sin á cur san áireamh, a thaifeadadh, áfach, sna cuntais mar a shonraítear sa chéad fhomhír mar a leanas:’;

(2) in Airteagal 9(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 10, 10a agus 10b, cuirfidh gach Ballstát acmhainní dílse chun sochair an chuntais a osclaíodh in ainm an Choimisiúin lena státchiste nó lena bhanc ceannais náisiúnta nó chuig príomhchuntas a d’oscail an Coimisiún chun na críche sin ina rogha institiúide airgeadais. Faoi réir chur i bhfeidhm an úis dhiúltaigh dá dtagraítear sa tríú fomhír, ní fhéadfar an cuntas sin a chur chun sochair ach ar threoir ón gCoimisiún amháin’;

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10a:

‘Airteagal 10a

Na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN a chur ar fáil

1. An acmhainn dhílis bunaithe ar CBL agus an acmhainn dhílis bunaithe ar OIN, agus an éifeacht a bheidh ag an oll-laghdú a deonaíodh don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn ar na hacmhainní sin á cur san áireamh, déanfar iad a chur chun sochair ar an gcéad lá oibre de gach mí, agus beidh na méideanna cothrom leis an dóú cuid déag de na hiomláin ábhartha sa bhuiséad, á dtiontú go dtí na hairgeadraí náisiúnta ag na rátaí malairte ar an lá deiridh de liostú oifigiúil an stocmhalartáin den bhliain fhéilire roimh an mbliain airgeadais, faoi mar a fhoilsítear i sraith C de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2. Le haghaidh na riachtanas sonrach maidir le caiteachas an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta a íoc de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó

[13] Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], agus ag brath ar staid airgid an Aontais, d'fhéadfadh an Coimisiún iarraidh ar Bhallstáit iontráil aon dódhéagú, nó codán de, de na méideanna sa bhuiséad don acmhainn dhílis bunaithe ar CBL agus don acmhainn dhílis bunaithe ar OIN, a thabhairt ar aghaidh suas le dhá mhí sa chéad ráithe den bhliain airgeadais, agus éifeacht an oll-laghdaithe a deonaíodh don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn ar na hacmhainní sin á cur san áireamh.

Faoi réir an tríú fomhír, le haghaidh na riachtanas sonrach maidir le caiteachas Chistí Struchtúrtha agus Infheistíochta na hEorpa a íoc de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], agus ag brath ar staid airgid an Aontais, d'fhéadfadh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit iontráil suas le leath breise de dhóú cuid déag amháin de na méideanna sa bhuiséad don acmhainn dhílis bunaithe ar CBL agus don acmhainn dhílis bunaithe ar OIN a thabhairt ar aghaidh, sna chéad sé mhí den bhliain airgeadais, agus éifeacht an oll- laghdaithe a deonaíodh don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn ar na hacmhainní sin á cur san áireamh.

Ní bheidh an tsuim iomlán a fhéadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit a thabhairt ar aghaidh sa mhí chéanna faoin gcéad fhomhír agus faoin dara fomhír níos mó, i gcás ar bith, ná méid a chomhfhreagraíonn do dhá dhóú cuid déag breise.

Tar éis na chéad sé mhí, ní fhéadfaidh an iontráil mhíosúil a iarrfar dóú cuid déag amháin de na hacmhainní dílse bunaithe ar cháin bhreisluacha agus na hacmhainní dílse bunaithe ar an ollioncam náisiúnta a shárú, agus iad fós laistigh de theorainn na méideanna a cuireadh sa bhuiséad chun na críche sin.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi sin roimh ré, tráth nach déanaí ná coicís roimh iontráil a iarrtar de bhun an chéad fhomhír agus an dara fomhír.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas i bhfad roimh ré, agus tráth nach déanaí ná sé seachtaine roimh iontráil a iarrtar de bhun an dara fomhír, go bhfuil sé ar intinn aige iontráil den sórt sin a iarraidh.

Beidh feidhm ag mír 4, a bhaineann leis an méid atá le hiontráil i mí Eanáir gach bliain, agus ag mír 5, iontráil is infheidhme mura mbeidh glactha go críochnaitheach leis an mbuiséad roimh thús na bliana airgeadais, maidir leis na réamhiontrálacha sin.

Féadfaidh Ballstát i gcásanna eisceachtúla agus i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo údarú a iarraidh ón gCoimisiún chun cur ar fáil acmhainní dílse a chur chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs na mbuiséad leasaithe ag deireadh bliana. Cuirfidh na Ballstáit iarraidh a bhfuil bonn cirt léi isteach agus beidh fógra trí seachtaine ar a laghad ag gabháil léi. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an iarraidh agus cuirfear an staid airgid agus riachtanais leachtachta an Choimisiúin san áireamh. Ní

---

14 Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíochtaí díreacha le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608).

15 Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 ina leagtar síos forálacha coitianta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa, maidir leis an gCiste Comhtháthaithe, maidir leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

dhéanfaidh an Ballstát an réamhíocaíocht ach amháin tar éis dó údarú a fháil ón gCoimisiún. Ní mór don Bhallstát a dhéanfaidh an iarraidh aon chostas breise a bhainfidh leis an gcur ar fáil sin a íoc é féin.

3. Aon athrú ar ráta uilíoch na hacmhainne dílse bunaithe ar CBL, ar ráta na hacmhainne dílse bunaithe ar OIN, i maoiniú an oll-laghdaithe arna dheonú don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn, éileofar leis go ndéanfar buiséad leasaithe a ghlacadh go críochnaitheach agus as sin eascróidh athchoigeartuithe ar na dóú codanna déag a iontráladh ó thús na bliana airgeadais.

Déanfar na hathchoigeartuithe sin nuair a dhéanfar an chéad iontráil tar éis ghlacadh críochnaitheach an bhuiséid leasaithigh, má ghlactar é roimh an 16ú lá den mhí. Nó déanfar iad nuair a dhéanfar an dara hiontráil tar éis an ghlactha chríochnaithigh. De mhaolú ar Airteagal 10 den Rialachán Airgeadais, iontrálfar na hathchoigeartuithe sin sna cuntais i ndáil leis an mbliain airgeadais den bhuiséad leasaitheach i gceist.

4. Beidh ríomh na ndóú codanna déag le haghaidh mhí Eanáir gach bliana airgeadais bunaithe ar na méideanna dá bhforáiltear sa dréachtbhuiséad, dá dtagraítear in Airteagal 314(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus déanfar iad a chomhshó in airgeadraí náisiúnta ag na rátaí malartaithe den chéad lá ar liostú oifigiúil an stocmhalartáin tar éis an 15 Nollaig den bhliain féilire roimh an mbliain airgeadais. Déanfar an coigeartú leis an iontráil don chéad mhí eile.

5. Mura ndéantar an buiséad a ghlacadh go críochnaitheach dhá sheachtain ar a dhéanaí roimh an iontráil le haghaidh mhí Eanáir na bliana airgeadais ina dhiaidh sin, iontrálfaidh na Ballstáit ar an gcéad lá oibre de gach mí, lena n-áirítear mí Eanáir, dóú cuid déag amháin de mhéid na hacmhainne bunaithe ar CBL, agus na hacmhainne bunaithe ar OIN, agus an éifeacht a bheidh ag an oll-laghdú a deonaíodh don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn ar na hacmhainní sin, a iontráladh sa bhuiséad deiridh arna ghlacadh go críochnaitheach á cur san áireamh. Déanfar an coigeartú ar an gcéad dáta dlite tar éis ghlacadh críochnaitheach an bhuiséid, má ghlactar é roimh an 16ú lá den mhí. Mura ndéanfar amhlaidh, déanfar an coigeartú ar an dara dáta dlite tar éis ghlacadh críochnaitheach an bhuiséid.

6. Ní dhéanfar aon athbhreithniú ina dhiaidh sin ar mhaoiniú an oll-laghdaithe a deonaíodh don Danmhairg, don Ghearmáin, don Ísiltír, don Ostair agus don tSualainn i gcás ina ndéantar modhnuithe ar na sonraí OIN de bhun Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16].’

(4) Leasaítear Airteagal 10b mar a leanas:

(a) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir leis na méideanna a leanfaidh as an ríomh sin roimh an 1 Feabhra den bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh na sonraí maidir leis na coigeartuithe a sholáthar. Iontrálfaidh gach Ballstát an glanmhéid sa chuntas dá dtagraítear in Airteagal 9(1) ar an gcéad lá oibre de mhí an Mhárta na bliana tar éis na bliana inar chuir an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas maidir leis na méideanna a lean as an ríomh.’;

[16] Rialachán (AE) 2019/516 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir le comhchuibhiú ollioncaim náisiúnta ag praghsanna an mhargaidh agus lena n-aisghairtear Treoir 89/130/CEE, Euratom ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1287/2003 ón gComhairle (IO L 91, 29.3.2019, lch. 19).

(b) cuirtear an mhír 7 seo a leanas leis:

‘7. Murar féidir leis an mBallstát ná leis an gCoimisiún teacht ar chomhaontú maidir le coigeartuithe ar leith ar na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL, dá dtagraítear i mír 2, an chead fomhír, pointe (c), den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 13b.’;

(5) Leasaítear Airteagal 12 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Déanfar aisghabháil méideanna úis faoi bhun EUR 1 000 a tharscaoileadh.’;

(b) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

‘Ní bheidh an méadú foriomlán de bhun an chéad agus an dara fomhír níos mó ná 16 phointe céatadáin. Beidh feidhm ag teorannú an mhéadaithe go 16 phointe céatadáin maidir le haon chás nár fógraíodh an méid úis do Bhallstát roimh … *[cuir isteach an dáta - theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*. Cuirfear an ráta méadaithe i bhfeidhm maidir leis an tréimhse iomlán moille.’;

(6) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fomhír:

‘Má fuarthas páirtíocaíochtaí, tosóidh an tréimhse cúig bliana ar a mhéad ón dáta a ndearnadh an íocaíocht dheiridh, i gcás nach nglanann sé sin an fiachas. Ní shárófar tréimhse deich mbliana ón dáta ar ar leagadh síos an méid i gcomhréir le hAirteagal 2 ar a mhéad, gan beann ar achomhairc riaracháin nó bhreithiúnacha ná ar pháirtíocaíochtaí.’;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá faisnéis bhreise a iarraidh, tosóidh an teorainn ama sé mhí ón dáta a fhaightear an fhaisnéis bhreise a iarrfar. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis bhreise laistigh de thrí mhí.’;

(c) cuirtear an mhír 5 seo a leanas leis:

‘5. Murar féidir leis an mBallstát agus leis an gCoimisiún teacht ar chomhaontú ar na cúiseanna dá dtagraítear i mír 2, an chéad fomhír, den Airteagal seo, féadfaidh an Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 13b.’;

(7) ionsáitear an Chaibidil VII seo a leanas:

CAIBIDIL IIIa

ÍOCAÍOCHT FAOI FHORCHOIMEÁDAS AGUS AN NÓS IMEACHTA ATHBHREITHNITHE

Airteagal 13a

Íocaíocht faoi fhorchoimeádas

1. I gcás ina dtarlaíonn easaontas idir Ballstát agus an Coimisiún dá dtagraítear in Airteagal 10b(7) nó Airteagal 13(5) nó maidir le méideanna eile d’acmhainní dílse

traidisiúnta atá dlite do bhuiséad an Aontais, féadfaidh an Ballstát, le linn dó íocaíocht den mhéid a chonspóidtear a dhéanamh, forchoimeádais a léiriú maidir le seasamh an Choimisiúin.

2. Cuirfidh an iontráil sa chuntas faoi Airteagal 9 den íocaíocht faoi fhorchoimeádas isteach ar an tréimhse dá dtabhaíonn ús, dá dtagraítear in Airteagal 12.

Airteagal 13b

Nós imeachta athbhreithnithe

1. I gcás ina dtarlaíonn easaontas idir Ballstát agus an Coimisiún dá dtagraítear in Airteagal 13(5) nó maidir le méideanna eile d'acmhainní dílse traidisiúnta atá dlite do bhuiséad an Aontais, féadfaidh an Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mheasúnú laistigh de thrí mhí ó fhaightear é. I gcás ina dtarlaíonn easaontas idir Ballstát agus an Coimisiún dá dtagraítear in Airteagal 10b(7), féadfaidh an Ballstát iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a mheasúnú laistigh de dhá mhí ó fhaightear é. Ach amháin i gcásanna dá dtagraítear in Airteagal 10b(7) soláthrófar in iarraidh den sórt sin na cúiseanna gur iarradh athbhreithniú, agus áirítear doiciméid tacaíochta leis. Ní chuirfidh an iarraidh agus an nós imeachta a leanfaidh é athrú ar an oibleagáid atá ar na Ballstáit acmhainní dílse a chur ar fáil nuair a bhíonn siad dlite do bhuiséad an Aontais.

2. Laistigh de shé mhí ó fhaightear an iarraidh dá bhforáiltear i mír 1, cuirfidh an Coimisiún a bharúlacha in iúl don Bhallstát maidir leis na cúiseanna a tugadh san iarraidh. I gcás ina measfaidh an Coimisiún gur gá faisnéis bhreise a iarraidh, tosóidh an teorainn ama sé mhí ón dáta a fhaightear an fhaisnéis bhreise a iarradh. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis bhreise laistigh de thrí mhí. I gcás ina dtarlaíonn easaontas idir Ballstát agus an Coimisiún dá dtagraítear in Airteagal 10b(7), cuirfidh an Coimisiún a bharúlacha in iúl don Bhallstát maidir leis na cúiseanna a soláthraíodh san iarraidh agus déanfaidh sé é sin laistigh de thrí mhí ó fhaightear an iarraidh.

3. I gcás nach féidir leis an mBallstát aon fhaisnéis ábhartha eile a sholáthar don nós imeachta athbhreithnithe, féadfaidh sé iarraidh ar an gCoimisiún freagra a thabhairt ar bhonn na faisnéise atá ar fáil. Tosóidh an teorainn ama sé mhí sa chás sin ón dáta a fhaightear an iarraidh sin.

4. I gcás ina gcomhdaíonn Ballstát imeachtaí le haghaidh neamhniú in aghaidh cinnidh arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 9(1a) de Rialachán 1553/89, agus mura thug an Coimisiún freagra fós faoin nós imeachta athbhreithnithe maidir leis an gceartúchán CBL céanna, cuirfidh an Coimisiún an nós imeachta athbhreithnithe ar fionraí ar feitheamh bhreithiúnas deiridh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 'IONCAM' - LE hAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL TIONCHAR BUISÉADACH ACU AR THAOBH AN IONCAIM DEN BHUISÉAD

1. AINM AN TOGRA

Leasú ar Rialachán 609/2014

2. LÍNTE BUISÉID:

Líne ioncaim (Caibidil/Airteagal/Ítim):

Teidil 1 agus 2 (Caibidil 21) agus Airteagal 410

3. TIONCHAR AIRGEADAIS

☐ Níl aon impleacht airgeadais ag an togra

× Níl aon tionchar airgeadais ag an togra ar chaiteachas ach tá tionchar airgeadais aige ar ioncam

☐ Tá tionchar airgeadais ag an togra ar ioncam sannta

Is mar a leanas atá an éifeacht:

(EUR milliúin go dtí an chéad deachúil)

Líne ioncaim	An tionchar ar ioncam[17]	Tréimhse XX mí dar tús ll/mm/bbbb *(más infheidhme)*	Bliain N
Teideal 1	-		2021
Teideal 2/ Caibidil 21	-		2021
Airteagal 410	*Le cinneadh*		2021

Staid tar éis na gníomhaíochta					
Líne ioncaim	2022	2023	2024	2025	2026
Teideal 1	-	-	-	-	-
Teideal 2/ Caibidil 21	-	-	-	-	-
Airteagal 410					

4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Ní dhéanfar aon bheart.

[17] Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra, dleachtanna custaim), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

5. BARÚLACHA EILE

Is é is aidhm don togra feidhmiú Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle a neartú agus a fheabhsú. Tá foráil ann go háirithe do bhearta riaracháin d'fhonn cur ar fáil acmhainní dílse a éascú do Bhallstáit. Áirítear orthu sin bearta chun feabhas a chur ar an intuarthacht maidir le hacmhainní dílse a chur ar fáil, amhail an fhéidearthacht íocaíochtaí a dhéanamh roimh ré nó na modhnuithe a mholtar le haghaidh an chleachtaidh iarmhéideanna.

Níl aon tionchar buiséadach ag ceachtar den dá thogra. Tá an fhoráil, lena bhforáiltear go gcuirfidh na Ballstáit na coigeartuithe ar fáil go dtí an bhliain dar gcionn (N + 2), neodrach ó thaobh buiséid de ó tharla go ndéantar an oibleagáid atá ar Bhallstáit íoc a athrú go dtí an chéad bhliain airgeadais eile. Tá an 'cleachtadh iarmhéideanna' domhanda neodrach dá bhrí sin do bhuiséad an Aontais.

Tá foráil sa togra freisin le haghaidh athruithe nós imeachta áirithe, i.e. códaíonn sé an nós imeachta le haghaidh idirphlé stuama chomh maith le malairtí idir an Coimisiún agus na Ballstáit i gcás díospóidí. Is é aidhm an nós imeachta athbhreithnithe seo feabhas a chur ar chur ar fáil acmhainní dílse trí shoiléireacht agus trédhearcacht a sholáthar sa chomhar agus sa chumarsáid idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Níl aon tionchar airgeadais ag an nós imeachta athbhreithnithe atá beartaithe don Aontas.

Cuirtear síneadh sa deireadh leis an togra ar an gcaidhpeáil ar an méadú ar úis i dtaca le gach cás. Bhí teorainn curtha ag Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle cheana féin ar an méadú ar ús os cionn an bhonnráta go dtí 16 phointe céatadáin (caidhpeáil 16 %). Níl feidhm ag an teorannú sin áfach i gcásanna a bhí ar eolas cheana féin roimh an 1 Deireadh Fómhair 2016. Fágfaidh an síneadh ar an gcaidhpeáil i leith gach uile cáis go dtiocfaidh laghdú ar ioncam ó ús a bhailítear le haghaidh bhuiséad an Aontais Eorpaigh. Meastar go mbeidh tionchar airgeadais an togra, bunaithe ar mhéideanna tagartha blianta roimhe seo (ó tháinig Rialachán 2016/804 ón gComhairle i bhfeidhm) ag EUR 27.5 milliún/bliain.